



**ARDAIGH BRAT NA
GAEILGE LE LINN
2016!**

TAOBH ISTIGH:

Ceacht Beag	2
Glas ar an Doras!	2
Dátaí don Dialann	3
Scéal Grinn	3
Dialann na hEagla	4
Loighic Lochtach	4
Athmhúnlú Intinne	5
An Daonlathas - II	5
An bhfuil scéal agat faoi 1916?	5
Teach Solais Fharas	6
Crainn na hÉireann	7
An tSiria agus an Liobáin	8
Athair Éirí Amach na Cásca	9
Crosfhocal & Cuardach focal	10
Camchuart Fhine Gall	11
Forógra na Cásca	12



AN TAOBH Ó THUAIDH

agus ar fud na cathrach

Ná labhair faoi ach déan é

IMLEABHAR 3 EAGRÁN 1

EANÁIR - FEABHRA 2016

ÉIRÍ AMACH NUA?

Tá bliain chomóradh Céad Bliain Éirí Amach na Cásca 1916 tagtha agus beidh léachtaí agus siompóisiamáí faoin ábhar ar siúil ar fud na tíre. Dúirt an Piarasach, an ceannaire a roghnaíodh mar Uachtarán na Poblachta, nach mbeadh Éire saor go mbeadh sí Gaelach agus nach mbeidh sí Gaelach go mbeadh sí saor. Ní gá dúinn aontú le gach focal a thagann as béal ár laochra. Is cinnte nach tír Ghaelach atá againn faoi láthair, céad bhliain i ndiaidh an Éirí Amach, ach b'fhéidir nach bhfuil tír shaor againn ach an oiread. Ba cheart go mbeidh an Ghaeilge i gcroílár gach comórtha i rith na bliana ach ní dócha go mbeidh.

Thug Óglaigh 1916 dúshlán don Impireacht ba mhó ar Domhan ag an am le gunnaí agus le buamaí. Caithfidh Gaeilgeoirí na tíre 2016 dúshlán a thabhairt d'Impireacht an Bhéarla. Tá ré an fhoréigin thart. Níl gá anois le harmlón. Is fearr focail (i nGaeilge) ná urchar. Is fearr leabhar i nGaeilge ná buama. Tá na tuismitheoirí a sheolann a bpáistí chuig Gaeilscoileanna agus chuig Gaelcholáistí agus a chabhraíonn leo an teanga a fhoghlaim chomh laochúil (**heroic**) agus a bhí fíor agus mná na Réabhlóide. Is saighdiúirí i ngluaiseacht na saoirse intinne iad siúd atá ag freastal ar na maidineacha caife, ar na ciorcail chomhrá agus na siúlóidí Gaeilge. Ní cath aon seachtaine atá romhainn ach an cogadh fada.

Caithfimid rudaí a dhéanamh in Éirí Amach 2016 chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Is féidir linn freastal ar léacht nó siompóisiam agus labhairt i nGaeilge mar ómós do laochra 1916 agus mar eiseamláir do dhaoine eile inár dtimpeall. Mura mbíonn an teanga le feiceáil ar na póstaí/fógraí sna taispeántais éagsúla ba cheart duit gearán a dhéanamh. Ar bhonn pearsanta is féidir leat freastal ar rang Gaeilge i rith na bliana nó leabhar i nGaeilge a léamh, nó iris a cheannach (le hais “*An Taobh ó Thuaidh!*”) nó alt a scríobh don iris. Téigh chuig na foiclóirí agus ní chuig na baracáidí. Freagair an ghairm chatha ar son na teanga.



CEACHT BEAG GAEILGE: ORDUIMHREACHA (ORDINAL NUMBERS)



Úsáidtear na horduimhreacha chun rudaí a chur in ord, mar shampla, capaill i rás, leathanaigh i leabhar, suíocháin i sraith (**row**). Seo iad: an chéad (**the first**), an dara (**the second**), an tríú (**the third**), an ceathrú (**the fourth**), an cúigiú (**the fifth**), an séú (**the sixth**), an seachtú (**the seventh**), an t-ochtú (**the eighth**), an naoú (**the ninth**) agus an deichiú (**the tenth**). Úsáidtear an fhoirm, an t-aonú ** déag (**eleventh**), an dara ** is fiche (**twenty-second**), agus araile chun orduimhreacha níos airde a chur i láthair.

orduimhir	guta	d, s, t	consan eile
An chéad	An chéad abairt	An chéad duine	An chéad bhád
An dara	An dara h asal	An dara seomra	An dara cat
An tríú	An tríú h éan	An tríú teach	An tríú finné
An ceathrú	An ceathrú h eitleán	An ceathrú doras	An ceathrú gloine
An cúigiú	An cúigiú h iris	An cúigiú sínteoir	An cúigiú cathaoir
An séú	An séú h iarrthóir	An séú traein	An séú mála
An seachtú	An seachtú h othar	An seachtú dán	An seachtú mac
An t-ochtú	An t-ochtú h oibrí	An t-ochtú sagart	An t-ochtú pápa
An naoú	An naoú h urlár	An naoú tram	An naoú prionsa
An deichiú	An deichiú h uaigh	An deichiú duais	An deichiú bean
An t-aonú ** déag	An t-aonú h amhránaí déag	An t-aonú scuab déag	An t-aonú fear déag


Ní dhéanann **“an chéad”** aon athrú ar fhocal a thosaíonn le guta nó le “d, s, nó t” ach cuirtear séimhiú (“h”) ar fhocal a thosaíonn le consan eile. Le **“dara - deichiú”** agus le **“an t-aonú”** cuirtear “h” roimh ghuta agus ní dhéantar aon athrú ar fhocal a thosaíonn le consan.

GLAS AR AN DORAS

Deasmhumhain Mac Gearailt

Bhí mé ag ól pionta i dteach tábhairne deas i lár na Gaeltachta lá, tamaillín ó shin agus bhí comhlúadar an-deas ann. Agus bhí bean ann a chaith tamall fada, leath scór bliain i Meiriceá. Chuaigh sí isteach i leithreas na mban agus an uair gur tháinig sí ar ais dúirt sí leis an bhfear taobh thiar den chuntar nach raibh aon ghlas ar an doras i leithreas na mban, an t-ainm a thug sise air ná Cró na gCearc.

D’éirigh an fear taobh thiar den chuntar suas agus d’fhreagair sé: “Ba le mo sheanathair an teach tábhairne sé ar feadh níos mó ná dhá scór bhliain agus ba le m’athair é ar feadh an mhéid sin blianta freisin,” ar seisean leis an mbean sin, “agus an bhliain go ndeachaigh tú go Meiriceá, fuair an teach ó m’athair agus ar feadh seacht mbliana déag ar cheithre fhichead ní raibh aon ghá le glas a chur ar an leithreas riamh. Ar feadh na haimsire sin goideadh buidéal fuisce ar uairibh agus toitíní as an meisín sliotáin thall sa chúinne agus sin an fáth go gcuirim an teach faoi ghlas san oíche ach níl aon ghá le glas ar dhoras an leithris toisc, go bhfios dom”, ar seisean, “níor goideadh aon chnap caca riamh as an leithreas. Cén fáth go gceapann tú gur chóir glas a chur ar dhoras an leithris?”.



DÁTAÍ DON DIALANN

Stiofán Ó hAoláin

4 Márta , Aoine: Teach Glinsce, Carna, Léacht 1916 agus gnáth Ciorcal amhránaíochta/scéalaíochta le hamhráin atá bainteach le 1916.

1 Aibreán, Aoine: Teach Glinsce, mar ómós don Scéalaí/Seanchaí Éamon A Búrc a rugadh ar 02/04/1866, cead bliain go leith ó shin. Beidh muid ag insint agus ag léamh cuid de na scéalta a bhí aige lena linn, maille le hamhráin de gach sórt.

29 Aibreán-2 Bealtaine (Deireadh Seachtaine Saoire Bainc): *Deireadh seachtaine Sheosaomh Uí hÉanaí, Óstán Chuan Charna; Ceoil, Amhránaíocht, Scéalaíocht, Rince, Ceardlanna ceoil agus amhránaíochta, Siúlóid, Craic agus Cairdeas.* Beidh grúpa dúinn ag dul ar an traein Dé hAoine, ó Stáisiún Heuston, BÁC go Stáisiún Cheannt, Gaillimh agus ar mionbhus ó shin go Carna. Fanfaimid san Óstán agus tiocfaimid abhaile Dé Domhnaigh. **Beidh spás sa mionbhus do fhiche duine, mar sin, bí i dteagmháil liom chomh sciobtha in Éirinn agus is féidir leat -** Stiofán 086 6669052.

SCÉAL GRINN NA MÍOSA

Chuaigh Ciarán go dtí síciatraí, an Dochtúir Ó Máille.

“A dhochtúir,” a dúirt sé, “*tá fadhb agam. Gach uair a luím ar mo leaba ceapaim go mbíonn arrachtaí fúithi. Nuair a luím faoin leaba ceapaim go mbíonn na harrachtaí ina luí ar uachtar na leapa. Caitheann tú cabhrú liom. Níl mé in ann codladh a fháil agus tá mé ag dul as mo mheabhar*”.

“*Ná téigh i scaoll!*” a d’fhreagair an dochtúir, “*tar chugam gach seachtain agus beidh tú i gceart arís i gceann trí mhí*”.

“*Cá mhéad atá ar cuairt chugat*”, a d’fhiafraigh Ciarán go himníoch.

“*Seasca euro do gach cuairt*”, a dúirt an síciatraí.

“*Smaoineoidh mé air*” a dúirt Ciarán, “*agus beidh mé i dteagmháil leat*”.

Ní dheachaigh sé go dtí an dochtúir, ach cúig mhí ina dhiaidh sin chas siad ar a chéile ar an tsráid.

“*Cén fáth nár tháinig tú ar ais chugam?*”, d’fhiafraigh an Dochtúir Ó Máille.

“*Ní raibh an seacht gcéad is fiche euro agam i gcomhair an dá chuairt déag.*

Ar aon nós, leigheas mo fhreastalaí beáir mé ar deich euro” arsa Ciarán.

“*Conas a rinne sé é sin*”, a d’fhiafraigh Ó Máille agus iontas an domhain air.

“*Mhol sé dom na cosa a ghearradh den leaba!*”, a d’fhreagair Ciarán.



Foclóirín

síciatraí - **psychiatrist**; tá fadhb agam - **I have a problem**; arrachtaí - **monsters**;
 ar uachtar - **on the top**; caitheann tú - **you have to**; cabhrú liom - **help me**; in ann - **able to**;
 codladh - **sleep**; mo mheabhair - **my mind**; ná téigh i scaoll - **don't panic**;
 i gceart arís - **better again**; i gceann - **within**; cé mhéad atá air - **how much does it cost**;
 go himníoch - **anxiously**; smaoineoidh mé air - **I will think about it**;
 i dteagmháil le - **in contact with**; ní dheachaigh sé - **he did not go**;
 chas siad ar a chéile - **they met each other**; cén fáth - **why**; i gcomhair - **for**;
 leigheas sé - **he cured**; freastalaí beáir - **bartender**; iontas an domhain - **great surprise**;
 mhol sé dom - **he advised me**;

DIALANN NA hEAGLA

Seán Ó Fearghail

Dé Domhnaigh Ceobhrán sna Sléibhte

Tá an ghrian ag taitneamh agus mé ag siúl sna sléibhte. Feicim scamall i bhfad uaim ag teacht i mo threo, mar smál dubh ar an spéir. Is gaire a thagann sé dom é is bagraí a éiríonn sé. Go tobann tá mé ina lár. Mothaím an fuacht agus an taise (**moisture**) láithreach. Braithim scoite ó gach duine agus i gcéin ón domhan. Athrú corraitheach ó spéir ghlan ghorm go lár dorchachta beo agus gan aon mhian agam ach gaoth a shéidfeadh gealán gréine ar ais chugam.

Dé Luain An Múinteoir Síceach (psychic)

Tá mé i mo shuí ag bun rang oíche Gaeilge agus ceist amháin ann nach dtuigim. Agus í ag dul timpeall an ranga sin í an cheist chéanna a chuireann an múinteoir orm. Conas a bhí fhios aici?

Dé Máirt An tSeirbhís Náisiúnta Tástála Carranna

Tá mé chun gluaisteán a thabhairt don ionad tástála. Tá an t-uisce, an ola agus na soilse seiceáilte. Tá an búit glanta agus na boinn líonta. Mar sin, cén fáth go bhfuil mé corraithe? Ní liomsa an gluaisteán fiú!

Dé Céadaoin An Cat Dubh sa Chúlghairdín

Is le mo chomharsa an cat dubh sin, measaim. Díreach a fheiceann sé mé, stánann sé idir an dá shúil orm. Ní bhogann a amharc fuar amhail is go bhfuil sé ag iarraidh m'intinn a léamh. Ní thig liom teacht in aon ghaobhar dó. Teitheadh sé má thagaim róchóngarach, ach ní fhágann a shúile glasa m'aghaidh, gan caochadh.

Déardaoin Ráta Beireatais san Éigipt

An iliomad páistí óga, agus an uimhir ag méadú bliain ar bhliain. Ach tá a sciar talún chomh beag sin agus fós lán le daoine. Cá rachaidh siad, cad a dhéanfaidh siad? An mbeidh pléascán éigin ann, agus i dtíortha eile chomh maith?

Dé hAoine Margadh Feirme

Tá gach sealbhóir stalla (**stall holder**) ag féachaint orm, ach déanaim iarracht gan féachaint orthu. Ní bhlaisim aon rud i gcás ar bith, nó beidh brú orm é a cheannach! Is fearr liom *Tesco*, áit ar féidir liom féachaint ar gach rud agus praghsanna a chur i gcomparáid – ar mo shuaimhneas. *Tesco*, áit gur pléisiúr í an tsiopadóireacht, gan bhrú.

Dé Sathairn Cluiche Rugbaí


Caoga míle duine ag siúl an treo céanna, chun scata strainséirí a fheiceáil agus iad ag ciceáil liathróide timpeall páirce. An dtuigeann siad na rialacha? Téann siad ar strae i mistéir an tsearmanais, i sagartacht Dhia na Liathróide is déanaí, agus in iontas an tSoithigh Naofa a bhuafaidh sé má leanann sé deasghnátha agus rialacha an reiligiúin rúndiamhaire gan earráid.

LOIGHIC LOCHTACH

Nodlaig Ó Scurlóg

Ceist: Dá mba rud é go raibh cat dofheicthe ina shuí ar an gcathaoir sin nach mbeadh cuma fholamh uirthi?

Freagra: Bheadh.



C: Ach tá cuma fholamh ar an gcathaoir faoi láthair, nach bhfuil?

F: Tá.

C: Dá bhrí sin caithfidh go bhfuil cat dofheicthe ina shuí uirthi!

Má aimsíonn tú an easpa loighce thuas cuir ríomhphost chuig an eagarthóir le do thoil.

ATHMHÚNLÚ INTINNE

Nodlaig Ó Scurlog

Ceist: Cad is brí leis sin thuas?

Freagra: B'fhéidir córas chun go mbeadh athrú intinne ag daoine?

C: Tabhair dom sampla.

F: Bolscaireacht ag rá, mar shampla, go bhfuil an earnáil phríobháideach níos cumasaí ná an earnáil phoiblí i gcónaí.

C: Ach nach bhfuil sé sin fíor ?

F: An gceapann tú go raibh na bainc anseo cumasach le déanaí? Sin an earnáil phríobháideach.

C: Ach nach bhfuil an córas poiblí an-mhall agus lán le maorlathas ?

F: Braitheann sé ar na polaiteoirí ; má bhíonn siad d'aon ghuth (sin annamh) agus má thugann siad fíricí agus sonraí cearta cruinne beidh an státhóras ag feidhmiú ar fheabhas Cuimhnigh ar cad a tharlaíonn nuair a bhíonn cogadh ar siúl. Bíonn gach rud ag dul ar aghaidh go tapa.

An bhfuil athrú intinne ag teacht ort anois ?

AN DAONLATHAS - II

Nodlaig Ó Scurlog

Sorcha: Cad a bhí a rá agat faoi fheabhsú ar an daonlathas lochtach atá againn?

Peadar: Bhuel, an dá rud is tábhachtaí ná oideachas ceart do na páistí agus follasacht ([transparency](#)) don phobal.

S: Ach cad is oideachas ceart?

P: Caithfidh sé an nós ceisteach le meas agus go béasach a thabhairt do gach páiste; ceist ar gach údarás mar shampla.

S: Cad mar gheall ar fhollasacht ([transparency](#))?

P: Nuair a bheidh daoine chun rud tábhachtach a bhaineann leis an bpobal a chur faoi rún caithfidh siad cead a fháil ó choiste neamhspleách.

S: An mbeadh gach rud i gceart mar sin?

P: Ní bheadh. Ní neart go cur le chéile. Tá eagraíochtaí tábhachtach chun cur in iúl don Rialtas go bhfuil rud éigin mícheart.

S: Cad eile atá ann?

P: Is féidir an daonlathas a mhíniú sa scoil ,mar shampla, le coiste i ngach rang le huachtarán, le rúnaí agus le cisteoir. Is féidir le gach sráid an rud céanna a chur ar bun. Tá an nós ann cheana iarraidh ar an bpobal a dtuairimí a sheoladh chuig údarás éigin ach caithfidh na smaointe sin a fhoilsiú agus mura nglactar leo na fáthanna a fhoilsiú chomh maith.

BHFUIL SCÉAL AGAT FAOI 1916?

Beidh ócáid speisialta do Ghaeilgeoirí i Leabharlann Shráid an Phiarsaigh an Aoine, 11 Márta ó 11 am go dtí 3 pm mar chuid den chomóradh ar 1916. Tá an leabharlann ag lorg daoine atá toilteanach scéalta (fíor, is dócha!) a chuala siad óna ngaolta faoin Éirí Amach nó faoin saol in Éirinn ag an am sin a insint don chomhlúadar ar an lá. Cuirfidh siad fáilte freisin roimh dhánta nó amhráin nua-scríofa faoi imeachtaí Sheachtain na Cásca. Tá cabhair le fáil chun snas a chur ar an nGhaeilge i do scéal/dán/ amhrán ach dréacht de a sheoladh chuig Anne-Marie ag [pearsestreetlibrary.@dublincity.ie](mailto:pearsestreetlibrary@dublincity.ie).






TEACH SOLAIS FHASARAS

Pádraig Mac Éil

Nuair a bunaíodh Cathair Alastair i ndeilt na Níle i 332 BC tógadh muirmhúr (**mole**), trí cheathrú mhíle ar a fhad, ón gcósta go dtí oileán Faras. Bhí Cuan Mór na cathrach ar thaobh oirthearach an mhuirmhúir agus Cuan Eunostos ar an taobh eile. Thosaigh Tolamaes I Slánaitheoir, comharba Alastair, ag tógáil tí solais ar Faras timpeall 290 RC. Críochnaíodh é 20 bliain ní ba dhéanaí in aimsir Tholamaeis II Philadelphus. Bhí costas 800 tallann air – 2-3 milliún euro in airgead an lae inniu. Ba é an fhréamhshamhail (**prototype**) do gach teach solais a tháinig ina dhiaidh. Bhí sé déanta de bhloic aolchloiche (limestone) cruánaí (solid) a raibh marmar ar a n-aghaidh. De réir Phlinias Mhóir ba é Sóstratas ailtire (**architect**) an fhoirgnimh ach níl cinnteacht faoi sin. Deirtear go raibh fonn ar Tolamaes II a ainm amháin a fheiceáil ar an bhfoirgneamh ach gur chuir Sóstratas inscríbhinn ag bun an túir, “*Sóstratas ó Cniodas, mac Dexiphanes, do na déithe sábhála (saviour) ar son na mairnéalach go léir*”. Chlúdaigh sé an inscríbhinn le plástar agus chuir sé ainm Tholamaeis II ar sin. Thar na blianta (agus tar éis bhás na beirte) scealp (**flaked off**) an plástar de agus bhí inscríbhinn Sóstratas le feiceáil!

De réir Idrisi agus Yusuf Ibn al-Shaikh, taistealaithe agus scríbhneoirí Arabacha, bhí airde timpeall 140 m (450 tr) ag an teach solais. Trí shraith (**tiers**) bharrchaolaithe (**tapering**) a bhí ann. Bhí an bhunsraith cearnógach, 30 m x 30 m (98 tr x 98 tr) agus 73 m (240 tr) ar airde, agus é tógtha ar ardán a bhí 6 m (20 tr) ar airde. Bhí fánán (**ramp**), 183 m (600 tr) ar fad, a raibh stuanna ann, go dtí doras an leibhéil sin (**arches**). Bhí fánán taobh istigh freisin chun ainmhithe le cairteacha lán d’ábhair éagsúla a thiomáint don bharr. Bhí cruth ochtagánach (**octagonal**) ar an dara sraith, timpeall 35 m (115 tr) ar airde agus ar sin a bhí an tríú sraith, sorcóir (**cylinder**), a chuir airdr 18 m (60 tr) sa bhreis leis an struchtúr iomlán go dtí cobhar (**cupola**) ina mbíodh an tine a sholáthaíodh an solas. Bhí scáthán de chré-umha (**bronze**) snasta (**polished**) ann a fhrithchaitheadh solas na tine (agus, b’fhéidir solas na gréine i rith an lae) céad míle amach thar an bhfarraige. Bhí log (**shaft**) taobh istigh den dara agus den tríú sraith le gaireas freastail (**dumbwaiter**) chun breosla (**fuel**) a sheoladh chuig an tine. Bhí staighrí ann freisin chun ligean do na coimeádaithe (**keepers**) dreapadh go dtí an solas. Ó íomhá an tí solais ar seanbhoinn (**old coins**) bhí ceithre dhealbh de Tríotón suite ag cúinní bhunsraith an fhoirgnimh agus dealbh de Poisiodón ar an mbarr. Is dócha go raibh dealbha eile air freisin.



Ba tharraingt (**attraction**) thurasóireachta an teach solais. Díoladh bia do chuairoteoirí ar ardán breathnóireachta ar bharr na chéad sraithe. Bhí balcóin ar barr an dara sraith, beagnach 300 tr os cionn na farraige agus radharc álainn le feiceáil uaithe. Bhí an teach solais ag feidhmiú ar feadh 1,550 bhliain nó mar sin. Seachas an Phirimid Mhór bhí sé ar an bhfoirgneamh ba mhó ar Domhan ar feadh na gcéadta. Rinneadh damáiste dó i dtí chrith talún (**earthquakes**) idir 956 agus 1323 AD. Úsáideadh na clocha a bhí fágtha de chun Dúnfort (**Citadel**) Quaitbay a thógáil ar an suíomh i 1480 AD. Tá plean ag an Éigipt macasamhail (**replica**) an tí solais a thógáil amach anseo.


Ina lán teangacha tagann an focal do “theach solais” agus do “cheannsolas” ón bhfocal “*pharos*”, e.g. Peirsis (*fānūs*), Francais (*phare*), Iodáilis agus Spáinnis (*faro*), Ioruais (*fyr*), agus Bulgáiris (*far*). Fiú sa Rúisis is é “*fara*” an focal do “cheannsolas” (**headlight**).

CRAINN NA hÉIREANN

Tony Mc Nally

Is iomaí cineál planda le fáil ar fud an domhain mhóir agus níl insint ar an éagsúlacht agus ar an áilleacht a bhaineann leo. Ach tá tábhacht agus áilleacht ar leith ag baint le cineál amháin planda, na crainn. Óna méid a thig na tréithe seo don chuid is mó.

Is doiligh seasamh faoi chrann mór ársa agus gan ionadh a dhéanamh dá théagar, gan a bheith faoi gheasa sa chlapsholas diamhair faoina bhrat duilliúir. Teampaill an domhain nádúrtha iad crainn. Ach más maorga crann uasal aonarach, nuair a fhásann siad gualainn le gualainn i bhforaois fhairsing thig leo claochlú a chur ar tír, aeráid dá gcuid féin a chruthú, agus ról ceannasach a oibriú ar na dúile uile ina ríocht.



In éagmais ghníomhú an duine daonna, is iad foraoisí fásra bunaidh mhórchuid na cruinne, Éire san áireamh, rud nach léir ón tírdhreach sa lá atá inniu ann. Seachas an Íoslainn, is í Éire an tír is lú chlúdach foraoise san Eoraip. Cé go mbíodh coillte fairsinge sa tír leis na mílte bliain, b'fhíor don fhile sa 17ú nó san 18ú haois déag agus Caoineadh Chill Chais á chumadh aige nuair a scríobh sé

*Cad a dhéanfaimid feasta gan adhmaid,
Tá deireadh na gcoillte ar lár....*

Agus b'amhlaidh mar a bhí go dtí gur tosaíodh ar athphlandáil na tíre cúpla céad bliain dár gcionn.

Cad iad crainn dhúchasacha na hÉireann? Tá an-éagsúlacht crann sa tír sa lá atá inniu ann, riar maith acu nár tháinig dá n-acmhainn féin. Tosaíodh ar iompórtáil crann ón iasacht na céadta bliain ó shin, agus tá na coimhthígh sin scaipthe fud fad na tíre faoi seo.

Le beagnach dhá mhilliún bliain anuas tá an domhan faoi réir ag sealanna fuachta (oighearaoiseanna) agus teasa (tréimhsí idiroighreacha), agus an aeráid ag athrú ó cheann Artach an lae inniu go ceann measartha ([temperate](#)) faoi seach. Ruaigeadh plandaí na tíre ó dheas nuair ba mheasa an fuacht, ach nuair a maolaíodh air, thug an t-aga te deis do phlandaí scaipeadh ó thuaidh agus an tír a athghabháil arís. B'éagsúil an pobal plandaí gach uile thráth, cuid nár éirigh leo fillleadh agus cinn nua a tháinig thar tairseach isteach. Ach saintréith amháin a bhaineadh leis na tréimhsí idiroighreacha ([interglacial](#)) go léir ab ea fás na gcrann.

Mhair an Oighearaois is deireanaí ar feadh 70,000 bliain. Thosaigh an aimsir ag feabhsú go gasta thart ar 15,000 bliain ó shin le tús a chur leis an tréimhse idiroighreach atá anois ann. Le cúlú na n-oighearshruthanna thosaigh plandaí ag sealbhú na tíre chomh tiubh te is a bhí sí tréigthe ag an sioc. Shíob blár uaine aneas de réir mar a nochtadh an chré, plandaí beaga ísle ar dtús, ach diaidh ar ndiaidh tháinig na fathaigh, na crainn. D'fhill siad seo go nádúrtha, de réir a n-acmhainne féin: cuid acu níos gaire don láthair; cuid acu nár theastaigh talamh méith uathu nó go raibh seasmhacht fuachta agus gaoithe iontu, agus cuid eile a bhí in ann a síolta beaga a scaipeadh le gaoth i bhfad ó láthair. Bhí an mhórchuid acu lonnaithe in Éirinn um 7,000 bliain ó shin, tráth a d'ardaigh leibhéal na farraige agus a bád na tóchair a thug deis dóibh fillleadh ón gcoigríoch.

Tá stair chasta fásra na hÉireann le hinsint níos faide anonn.





AN tSIRIA AGUS AN LIOBÁIN

Antóin Ó Seaghda

Nuair a chloisim an nuacht atá ar an teilifís na laethanta seo, bíonn brón an domhain orm faoin gcogadh atá sa tír stairiúil sin, an tSiria. Roinnt blianta ó shin, chaith mé seal ag obair sa Damaisc agus ag an am sin bhí an tír síochánta agus bhíos in ann siúl tríd an chathair agus cuairt a thabhairt ar na háiteanna faoinar chuala mé nuair a bhíos óg. Tá an scéal faoi Naomh Pól agus é ar an mbóthar go dtí An Damaisc ag gach duine. Mar is eol díobh d'athraigh sé a intinn faoi Íosa nuair a chuala sé An Críost ag caint leis agus ina dhiaidh sin thosaigh sé chun sheanmóir an dea-scéil.



Nuair a bhíos as dul go dtí an tSiria, ní raibh na páipéir chearta agam chun dul isteach sa tír, agus mar sin bhí orm dul go dtí An Liobáin ar dtús agus fanacht ann ar feadh cúpla lá chun víosa d'fháil. I mBéiriút, príomhchathair na Liobáine, bhí cúpla pionta agam i gceantar Achrafiyé cóngarach don Líne Ghlas a scar na Críostaithe ó na Moslamaigh sa chogadh cathartha. Bhíos ag comhrá faoi na trioblóidí le daoine ón gceantar. Lean an cogadh cathartha sin ar siúl sa Liobáin ar feadh seacht mbliana déag. Tá cuimhne ag beagnach gach duine ar Brian Keenan agus John McCarthy a bhí ina ghiall ar feadh ceithre bliana sa chathair sin. Bhíos eolach faoi Bhéiriút, mar d'oibrigh mé ann anois is arís thar na blianta.

Níl ach 80 míle idir Béiriút agus An Damaisc agus thug duine a bhí ag obair leis an gcomhlacht síob dom i seanghluaisteán. Bhí gach rud ag dul ceart go leor ar an turas agus stopamar chun cupán caife d'fháil agus chun féachaint ar radharc tíre mórthaibhseach. Ar an taobh clé, bhí an Gleann Bekaa le feiceáil, áit álainn ina raibh torthaí den gach saghas ag fás. Tar éis tríocha míle nó mar sin, cad a tharla ach stop an gluaisteán go tobann. Rinne mé féin agus an tiománaí gach iarracht chun an locht a dheisiú ach sa deireadh, bhí orainn suigh síos agus fanacht le ghluaisteán eile. Is cuimhin liom go maith, muidne ag ligean ár scíth ar thaobh an bhóthair agus ag caint faoi na radhairc agus an trioblóid a bhí in am an cogadh. Nuair a shroicheamar an teorainn idir An tSiria agus An Liobáin, d'fhéach na gardaí slándála go géar ar mo pháipéir agus tar éis leath uair a chloig nó mar sin, thugadar cead dom taisteal go dtí An Damaisc. Bhí saighdiúir ó arm Na Siria ag lorg síbe agus thugamar síob dó go dtí an chathair.



Bhíos ag tabhairt ceardlainne sa Damaisc do dhaoine áitiúla, mná agus fir, Chríostaithe agus Moslamaigh. Gach lá ag am lóin, théadh mé féin agus cúigear nó seisear eile ag ól caife, ag caint agus ag caitheamh ár 'nargilahs' (píopa le feadán fada trí ghabhdán ([receptacle](#)) ina bhfuil uisce). Bhí an chraic go maith. Lá amháin, thugamar cuairt ar Mhosc Umayyad, áit ina bhfuil ceann Eoin Baiste ([John the Baptist](#)) in áit naofa. Is é ainm cinn amháin de na miontúir ([minarets](#)) ar an mosc ná an 'Miontúr Íosa'. An t-ainm atá acu ar *Íosa* ná *Isa*. Lá amháin, bhí



am saor agam agus chuaigh mé go dtí an baile Maaloula, timpeall tríocha míle faoin tuath ón Damaisc. 'Sé an teanga a úsáidtear ann ná Aramais, an teanga a bhí ag Íosa. Áit álainn í ina bhfuil na tithe tógtha as na sléibhte agus ina n-úsáidtear díonta de roinnt de na tithe mar bhóthar go tithe thuas na sléibhte. Bhí an-trioblóid ag na háitritheoirí sa bhaile sin cúpla mí ó shin mar is Chríostaithe an chuid is mó acu.

Tá go leor cuimhní agam ón am sin. Nuair a smaoiním ar an tSiria anois, tagann brón ar mo chroí mar uair amháin, bhí sí agus na daoine ann go hiontach domsa.



ATHAIR ÉIRÍ AMACH NA CÁSCA

Pádraig Mac Éil

Rugadh Tomás Séamus Ó Cléirigh ar an 11 Márta 1858 ar Inis Iocht ([Isle of Wight](#)), Sasana, áit ina raibh a athair, saighdiúir in Arm na Breataine, lonnaithe. Chaith an chlann blianta san Afraic Theas. D'fhill Tomás ar Éirinn in aois a sheacht mbliana. D'fhás sé aníos i nDún Geanainn, Co Thír Eoghain, ceantar láidir poblachtánach ó aimsir na nÉireannach Aontaithe agus na bhFíníní. Diaidh ar ndiaidh chuir Tomás spéis sa pholaitíocht agus i gcúrsaí talún. I 1878 chláraigh John Daly, eagraí náisiúnta Chumainn Bráithreachas na Poblachta, Tomás san eagraíocht sin agus d'fhan sé dílis di ar fad a shaoil.



I 1880, tar éis caismirte leis na póilíní, theith Tom thar sáile go dtí Nua-Eabhrac. Nasc sé le Clann na Gael, craobh Meiriceánach na bhFíníní, ansin. Chuaigh sé go Sasana (faoi ainm cleite, Henry Hammond Wilson) in 1883 ar fheachtas buamála ach gabhadh é go tapa. Ciontaíodh é agus cuireadh i bPríosún Chatham ó 1883 go 1898 é. Scríobh sé faoin drochíde uafásach a fuair na príosúnaigh Éireannacha ansin i “[Glimpses of an Irish felon's Prison Life](#)”. (<https://archive.org/details/glimpsesofirishf00claruoft>). Cuireadh córas ciúnais i bhfeidhm orthu agus bhí sé i ngaibhniú aonair ([solitary confinement](#)) a lán den am. Bhí cliseadh meabhrach iomlán ar bheirt acu agus chaith Tom tréimhsí in otharlann an phríosúin le linn a 15 bhliain i Chatham. Scaoileadh é de bharr feachtas ó dhaoine mar Maud Gonne. D'fhill sé go Baile Átha Cliath chun cónaí lena mháthair agus lena dheirfiúr i gCill Mhaighneann. Bronnadh Saoirse Chathair Luimnigh air i 1899 agus ba ansin a chas sé ar Caitlín Ní Dhálaigh. Phós siad i Nua-Eabhrac i 1901 agus John Mac Bride mar fhinné fir ([best man](#)). Bhí siopa uachtair reoite agus milseán ag Tom ansin, d'oibrigh sé mar bhainisteoir ar an nuachtán “[Gaelic American](#)” agus bhí feirm aige ar Long Island. Ach bhí fonn ar Thomás filleadh abhaile agus fuair sé áisíneacht nuachta ([news agency](#)) i Sráid Amiens agus ansin i Sráid Pharnell.


Comhthoghadh ([co-opted](#)) é ar Ardchomhairle Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann (BPÉ). Bhí sé ina uachtarán de chraobh Shinn Féin, d'eagraigh sé comóradh ag uaigh Wolf Tone agus i 1910 bhí baint aige le bunú an nuachtáin “[Irish Freedom](#)”. D'oibrigh sé lena dhlúthchara, Seán Mac Diarmada, chun éirí amach a eagrú. I 1911, bhí an bheirt sin mar aon le Bulmer Hobson i gceannas ar an BPÉ. Cé nach raibh baint aige le smuigléireacht gunnaí Bhinn Éadair chabhraigh sé le hiad a thabhairt isteach don chathair. Mheall sé An Piarasach chuig an BPÉ trí cuireadh a thabhairt dó labhairt ag comóradh Roibeard Emmet agus, ní ba dhéanaí, ag sochraid Uí Dhonnabháin Rosa. Chuaigh Ó Cléirigh agus Mac Diarmada isteach i gcoiste míleata an BPÉ i 1915 mar rúnaí agus mar chisteoir faoi seach. Chuaigh Tomás go dtí Ard-Oifig an Phoist ar 24 Aibreán 1916 i ngluaisteán toisc go raibh sé ró-aibrisc ([frail](#)) máirseáil leis na hÓglaigh eile. Bhí meas chomh mór sin ag na ceannairí eile air nach sásódh dada iad ach a shíniú a bheith sa chéad áit ar an bhForógra. Sheas sé leis an bPiarasach nuair a léigh sé an Forógra. Vótáil sé i gcoinne an ghéillte agus ghoil sé ag an gcinneadh ([decision](#)). Daoradh chun báis é ar 2 Bealtaine agus lámhachadh é an lá dár gcionn. Baineann sé le dealramh ([it is likely](#)) nár mharaigh an scud lámhaigh é ar an toirt agus go raibh ar oifigeach an “[coup de grâs](#)” (urchar trína cheann) a thabhairt dó. Duine diongbháilte ab ea Ó Cléirigh, bunúsáí Náisiúnach Éireannach, a chaith a shaol ag troid i gcoinne sheilbh na Sasanach ar Éirinn agus a bhí mar inneall an Aiséirí.



CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-19

TRASNA

SÍOS




1	release (6)
5	jet (6)
10	neurosis (7)
11	bad breed (7)
12	embryo (4)
13	easel (5)
15	breath (4)
17	way (3)
19	acolyte (6)
22	pulse (6)
24	idealist (7)
25	broken (6)
27	sulking (6)
30	poem (3)
32	fish (4)
33	thin (5)
34	fire (4)
37	gladness (7)
38	dressmaker (7)
39	luck (3)
40	paunch (6)
41	orchard (6)

2	tormented (7)
3	olive (4)
4	cargo (6)
5	historian (6)
6	soul (4)
7	wealth (7)
8	glossy (6)
9	notion (6)
14	ear-phone (7)
16	spent (5)
18	band (5)
20	foam (3)
21	ill usage (3)
22	cat (3)
23	physician (3)
25	gang (6)
26	loan (7)
28	people (7)
29	flay (5)
30	slave (6)
31	sanctification (6)
35	blemish (4)
36	cliff (4)











CUARDACH FOCAL 19

torthaí 1/ fruits 1



P	I	O	R	I	A	D	R	O	P	L	U	M	M	A
F	A	P	Á	P	Á	B	R	R	A	L	C	Á	N	N
P	I	P	E	C	F	Í	H	A	M	Ú	S	T	Á	S
L	Ó	G	A	N	C	H	A	O	R	M	O	A	C	U
O	R	H	E	N	O	R	A	H	C	Ó	E	Í	A	T
M	B	A	N	N	A	R	O	N	B	D	O	A	H	S
A	M	U	L	P	R	N	N	A	I	O	I	D	B	A
S	Ú	I	L	O	L	Í	N	Ó	H	N	Í	L	L	M
A	A	T	I	U	M	A	M	A	S	C	A	C	A	A
T	R	P	H	L	N	O	Í	F	R	Í	N	B	E	S
S	O	L	B	A	Í	E	T	S	I	Á	R	O	M	Í
U	I	L	O	L	U	F	Í	O	N	C	A	R	Í	N
M	P	U	I	M	P	C	Í	N	Á	E	G	G	I	F
A	P	F	C	L	I	F	Í	G	E	T	S	E	E	D

	abhacád (avocado)	mealbhacán (melon)
	anann (pineapple)	oráiste (orange)
	banana (banana)	pápá (pawpaw)
	cíobhaí (kiwi)	piorra (pear)
	fige (fig)	pluma (plum)
	fionchaor (grape)	pui MPCín (pumpkin)
	líomóid (lemon)	satsuma (satsuma)
	lóganchaor (loganberry)	úll (apple)



CAMCHUAIRT FHINE GALL

Pádraig Mac Éil

Maidin dhorcha ab ea é, Satharn, 7 Samhain anuraidh nuair a d’fhág mé an teach chun dul isteach sa chathair. Bhí mé chun bualadh le Gaeilgeoirí eile i gcomhair turais a d’eagraigh Seán Ó Coileáin. Mar is gnáth bhí lá gnóthach againn. Ba í feirm dhéiríochta (**dairy farm**) Phádraig Uí Scannail ar gcéad stad. Chuir Pádraig fíorchaoín fáilte romhainn agus d’inis sé dúinn faoin obair atá le déanamh aige ar an bhfeirm. Cainteoir líofa é agus bhí gach rud i nGaeilge. Bhí sé an-shuimiúil agus oideachasúil (**educational**), go háirithe do *seaicín* mar mé féin. Bhí roinnt de mo chompánaigh ní ba eolaí. Ar aghaidh linn ansin go Baile Bachaille (**Ballyboghil**) chun bualadh le Seán Mac Philbín a bhí mar fhoinse eolais faoi stair agus seanchas an cheantair. Thug sé cur síos faoi na Cleamairí (**Mummers**) – bhí sé gléasta mar chleamaire é féin ar feadh tamaill - agus faoin nasc a bhí ag an áit le Briostó (**Bristol**), Sasana. Tháinig sé linn ar cuairt chuig Cuimhneachán 1798 agus chuig Uaigh na gCraipithe (**Croppies’ Grave**) agus d’inis sé dúinn, agus píce (**pike**) ina lámh aige, faoin gcath sa cheantar i 1798. Bhí ár lón againn in Ionad Shéamuis Ennis san Aill (**Naul**) agus d’fhoghlaim mé a lán faoin gceoltóir sin ó dhuine de mo chompánaigh, Pilib Sexton. Ar aghaidh linn go dtí Na Fuarchoic (**Fourknocks**) chun bualadh le Bríd Ní Ghruagáin, seandálaí áitiúil, agus lena máthair agus chun stair an chairn sheomraigh mheigilitigh (megalithic chambered cairn) sin a chloisteáil. Bhí sé dorcha nuair a shroicheadar Caisleán Shoird chun cur síos cuimsitheach (**comprehensive**) a fháil ar stair, sean agus nua, na háite ó Seán Mac Domhnaill. Turas lán le stair, le seanchas agus le dea-chomhlúadar a bhí againn. Ba cheart do Sheán Ó Coileáin teastas a bhronnadh orainn ag a dheireadh, bhí an méid sin foghlamtha againn i rith an lae!



Séamus Ennis agus Liam ??????

CROSFHOCAL BG XBG-18: RÉITEACH

	¹ B	² A	³ L	⁴ R	⁵ A	⁶ S	⁷ R	⁸ E	⁹ A	¹⁰ B	¹¹ H	
⁸ A		⁹ N		¹⁰ E		¹¹ I		¹² E		¹³ A		¹⁴ R
¹⁰ D	¹¹ I	¹² A	¹³ M	¹⁴ A	¹⁵ N	¹⁶ T		¹⁷ A	¹⁸ I	¹⁹ R	²⁰ N	²¹ É
¹² H		¹³ O		¹⁴ T		¹⁵ E		¹⁶ D		¹⁷ C		¹⁸ A
¹² A	¹³ O	¹⁴ S	¹⁵ Ú		¹⁶ B	¹⁷ A	¹⁸ C	¹⁹ Ó	²⁰ G		²¹ Ó	²² G
¹⁶ I		¹⁷ T		¹⁸ S		¹⁹ L	²⁰ A	²¹ G		²² T		²³ Á
¹⁹ N	²⁰ E	²¹ A	²² R	²³ T	²⁴ Ú		²⁵ C		²⁶ T	²⁷ I	²⁸ O	²⁹ N
	²³ A		²⁴ L	²⁵ L	²⁶ A	²⁷ G	²⁸ A	²⁹ R				
²⁴ O	²⁵ S	²⁶ C	²⁷ A	²⁸ I	²⁹ L		³⁰ M		³¹ R	³² I	³³ A	³⁴ N
²⁹ I		³⁰ O		³¹ L		³² S	³³ A	³⁴ C		³⁵ M		³⁶ A
³¹ D	³² Í	³³ S	³⁴ C		³⁵ T	³⁶ O	³⁷ S	³⁸ A	³⁹ Í		⁴⁰ S	⁴¹ T
³⁴ E		³⁵ A		³⁶ F		³⁷ I		³⁸ O		³⁹ A		⁴⁰ H
³⁶ A	³⁷ I	³⁸ N	³⁹ G	⁴⁰ E	⁴¹ A	⁴² L		⁴³ L	⁴⁴ O	⁴⁵ N	⁴⁶ R	⁴⁷ A
³⁸ S		³⁹ T		⁴⁰ A		⁴¹ S	⁴² E	⁴³ Ó		⁴⁴ R		⁴⁵ I
³⁹ T	⁴⁰ A	⁴¹ I	⁴² R	⁴³ N	⁴⁴ E		⁴⁵ G	⁴⁶ L	⁴⁷ Ó	⁴⁸ N	⁴⁹ R	⁵⁰ A

CUARDACH FOCAL 18: RÉITEACH

E	N	I	S	I	P	C	Í	S	A	G	R	P	S	A
T	O	R	I	P	C	Ó	I	L	L	S	V	A	E	G
V	A	E	T	S	I	Á	N	O	I	P	S	Í	L	Ó
R	B	E	A	C	Ó	C	L	A	A	A	V	A	U	L
N	Ó	S	V	A	E	D	A	N	I	Ó	C	B	C	H
A	H	D	A	B	I	S	N	I	P	R	H	O	N	C
P	D	Ó	N	Á	C	A	E	B	N	T	Í	Á	R	A
A	A	I	L	I	E	G	A	D	H	N	S	I	L	B
E	É	V	D	S	V	A	E	O	D	O	E	D	A	E
V	R	H	I	T	S	R	R	P	I	S	A	A	N	A
S	I	P	E	E	Í	A	S	L	L	Ó	C	É	N	C
C	A	B	A	H	D	P	B	S	I	P	Á	R	A	N
Á	C	S	V	H	V	S	V	A	P	A	N	R	O	T
C	Ó	L	S	L	C	A	R	É	I	D	I	E	V	S

SEANFHOCAL

Ní fhaightear sail gan saothar
Fat is not gotten without toil

POBLAUGHT NA hÉIREANN

Rialtas Sealadach Phoblacht na hÉireann
Le muintir na hÉireann

A fheara agus a mhná na hÉireann: In ainm Dé agus ghlúnta na marbh óna bhfaigheann sí a seantraidisiún mar náisiún, tá Éire, trínne, ag gairm a clainne chun a brataí agus ag bualadh buille ar son a saoirse.

Tar éis di eagar agus oiliúint a chur ar a cuid fear trína heagraíocht rúnda réabhlóideach, Bráithreachas Phoblacht na hÉireann, agus trína heagraíochtaí míleata oscailte, Óglaigh na hÉireann agus Arm Cathartha na hÉireann, tar éis di a riailbhéas a thabhairt go foighneach chun foirfeachta agus feitheamh go rúndaingean leis an bhfaill í féin a fhoilsiú go tráthúil, tá sí ag glacadh na faille sin anois, agus le tacaíocht óna clan atá ar deoraíocht i Meiriceá agus ó chomhghuaillithe calma san Eoraip, ach ag seasamh di ar a neart dílis féin ar an gcéad ásc, tá sí ag bualadh buille agus í lándóchasach go mbéarfaidh sí bua.

Dearbhaímid gur ceart ceannasach dochloíte é ceart mhuintir na hÉireann ar dhílse na hÉireann agus ar chumhacht gan cosc ar chinniúint na hÉireann. Forghabháil an chirt sin atá á himirt le fada ag pobal agus rialtas eachtrannach, níor mhúch sí an ceart sin ná ní féidir é a mhúchadh go brách ach le díothú mhuintir na hÉireann. Gach glúin dár tháinig, dhearbhaigh mhuintir na hÉireann a gceart ar shaoirse agus ar fhlaithéas náisiúnta; sé huaire le trí chéad bliain anuas a dhearbhaigh siad faoi airm é. Ag seasamh dúinn ar an gceart bunaidh sin agus á dhearbhu arís dúinn faoi airm os comhair an tsaoil, fógraímid leis seo Poblacht na hÉireann ina Stát Ceannasach Neamhspleách agus cuirimid ár mbeo féin agus beo ár gcompánach airm i ngeall lena saoirse, lena leas agus lena mórath i measc na náisiún.

Dlíonn Poblacht na hÉireann, agus éilíonn leis seo, dílseacht mhuintir uile na hÉireann, idir fhir agus mhná. Ráthaíonn an Phoblacht saoirse chreidimh agus saoirse shibhialta, comhchearta agus comhdheiseanna dá saoránaigh uile, agus dearbhaíonn gur rún di féachaint chuig séan agus sonas na náisiúin uile agus gach páirte de, clanna uile an náisiúin a chaomhnú go cothrom, gan beann aici ar na difríochtaí ar chothaigh Rialtas coimhthíoch go cúramach iad agus a dheighil.

Go dtí go dtiocfaidh an uain, do neart ár n-arm, Rialtas Náisiúnta buan a bhunú, a dhéanfaidh ionadaíocht do mhuintir uile na hÉireann agus a thoghfad le vótaí a cuid fear agus ban uile, déanfaidh an Rialtas Sealadach, a bhunaítear leis seo, gnóthaí sibhialta agus míleata na Poblachta a riar ar iontaobhas thar ceann na muintire.

Cuirimid cúis Phoblacht na hÉireann faoi choimirce Dhia Mór na nUillechumhachtaí, a n-impímid A bheannacht ar ár n-airm, agus guímid gan aon duine a bheas ag fónamh sa chúis sin easonóir a tharraingt uirthi le mílaochas, le mídhaonnacht ná le díbhearg. Ar uair seo na cinniúna, ní foláir do náisiún na hÉireann a chruthú lena mhisneach agus lena riailbhéas, agus le toil a chlainne iad féin a íobairt mar mhaithe leis an gcoiteann, gur fiú é an dán ró-uasal dá ngairtear é.

Arna shíniú thar ceann an Rialtais Shealadaigh,

TOMÁS S. Ó CLÉIRIGH,
SEÁN Mac DIARMADA, TOMÁS Mac DONNCHADHA,
P.A. Mac PIARAS, ÉAMONN CEANNT,
SÉAMAS Ó CONGHAILE, SEOSAMH PLUINCÉAD.